



**2014**

*Tuarascáil Bhliantúil*

# Naisc Níos Fearr a Dhéanamh

Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2014

## Ioncam

€218.0m

+ 11.7%



## Íocaíochtaí OSP

€117.4m

- 7.6%



## MAC

€129.8m



## EBITDA

€34.8m

+ 37.1%



## Easnamh

€2.2m



## Ranníocaíocht leis an Stáchtiste i gCánacha

€73.5m



## Turais

37.8m

+ 3.0%



## km oibrithe ar thraenacha paisinéirí

16.9m

Gan athrú



## Poncúlacht

DART 97.6% + 1.2%

Idirchathrach 97.1% + 1.2%

Comaitéir 97.7% + 0.4%



## Lastas tonna kms

99.8m

+ 1.0%



## Ioncam Ros Láir

€10.1m

+ 4.3%



## Fostaithe (meán)

3,770

-22



# Clár Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	14
Beathaisnéisí Stiúrthóirí	15
Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann	17
Tuarascáil na Stiúrthóirí	18
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	21
Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí de Iarnród Éireann – Irish Rail	22
Príomhbheartais Chuntasaíochta	24
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	28
Clár Comhardaithe	29
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	30
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	31



*Is mian le Iarnród Éireann an maoiniú atá faighte aige ón AE agus ó Rialtas na hÉireann faoi chreat Meántéarmach Stáitchiste Infheistíocht Bonneagair agus Chaipitil 2012-2016 chun tabhairt faoi mhórhionscadail a admháil.*





Rinneadh breis is  
1 mhilliún turas iarnróid  
breise i rith 2014



# Ráiteas an Chathaoirligh



I rith 2014, ainneoin go raibh orainn déileáil le brú suntasach airgeadais, is léir gur éirigh le Iarnród Éireann feabhas soiléir a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta, seirbhísí do chustaiméirí agus airgeadais, agus go raibh leibhéal seirbhísí á gcothabháil, agus á seachadadh ag lucht oibre a bhfuil laghdú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas.

Ainneoin go leor a bheith le déanamh fós chun ár n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a chinntiú, tá an tAire Iompair, an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag obair i dteannta lena chéile agus é mar aidhm acu ár n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais a chinntiú.

Áirítear i measc bhuaicphointí 2014:

- Breis is 1 mhilliún turas iarnróid breise, an chéad bhliain ar tugadh fás faoi deara ó tugadh éifeacht an choir chun donais sa gheilleagar faoi deara. Tugadh an méadú sa líon paisinéirí faoi deara sna seirbhísí náisiúnta agus uirbeacha iarnróid ar fad.
- Méadú ar ár ngnó lastas iarnróid agus Europort Ros Láir, 1.3% agus 4.3% faoi seach.
- Fás 4.6% ar ioncam paisinéirí.
- Laghdú leanúnach de €2.6 milliún ar chostas, a raibh coigilteas €75.7 milliún ar chostais bhliantúla ó 2007 anonn luaite leis.
- Feabhas ar phríomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta.
- Poncúlacht feabhsaithe, sháraigh gach bealach na riachtanais atá luaite i gconarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí.
- Cuireadh tús lenár n-infheistíocht sa chlár Customer First, clár a bheidh mar bhonn lenár dteagmháil lenár gcustaiméirí a athrú, agus bealach lena chinntiú gurb é an custaiméir croílár an ghnó.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad in Iarnród Éireann as a dtacaíocht leanúnach dlús a chur faoin athrú a theastaíonn chun a chinntiú go gcuireann ár ngréasán agus ár seirbhísí ar an mbealach is éifeachtaí is féidir le saolré eacnamaíoch na hÉireann. San áireamh anseo in 2014, bhí comhaontú chun laghdú sealadach pá a thabhairt do gach fostaí. Ainneoin gur cúis aiféala é gur chuir d'ospóid thionsclaíoch isteach ar ár seirbhísí ar feadh dhá lá ag deireadh mhí Lúnasa, is ionann cur i bhfeidhm na mbeart seo agus tiomantas soiléir ar fud na heagraíochta d'oibriú i dteannta lena chéile chun na bearta riachtanacha a dhéanamh chun ár dtodhchaí a chosaint.

Ní hamháin go bhfuil bearta pá i gceist anseo, tá cur chuige comhpháirtíochta á ghlacadh ag ár gCoiste Bainistíochta Costais. Tarraingíonn ionadaithe na bhfostaithe agus na foirne bainistíochta aird ar choigiltis atá le déanamh mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar na bearta curtha i bhfeidhm mar iarracht chomhpháirteach breis éifeachtúlachtaí fós a chinntiú sna modhanna atá againn lenár gnó a dhéanamh.

Ainneoin ioncam a bheith ag fás, agus béim leanúnach a bheith á leagan ar rialú costais, is ionann maoiniú agus an tríú gné a mbaineann tábhacht léi i gcomhthéacs ár dtodhchaí. In 2014, ina Creat straitéiseach le haghaidh infheistíochta in Iompar ar Tír, d'admhaigh an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt go bhfuil ár ngréasán iarnróid tearcmhaoinithe go suntasach faoi láthair bunaithe ar a scála agus ar na seirbhísí a bhfuil conradh againn iad a sholáthar, agus i gcomparáid le gnáthleibhéal mhaoinithe Eorpacha.

Gabhaimid buíochas leis an Aire agus a Roinn as tacú linn ar bhonnleanúnach, lena n-áirítear maoiniú forlíontach a fhaomhadh, maoiniú a chuirfidh ar ár gcumas oibreacha tábhachtacha cothabhála gréasáin agus flít a dhéanamh, oibreacha a rachaidh chun tairbhe ár gcustaiméirí. Chomh maith leis sin, fáiltimid roimh thiomantas an Aire athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas iarnróid ó tharla go bhfuil sé admhaithe go bhfuil tearcmhaoiniú i gceist. Tríd an athbhreithniú seo, ní mór dúinn bealach soiléir a aimsiú chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do Iarnród Éireann, trí sheirbhísí a sholáthar agus bonneagar a fhorbairt a mbeidh tionchar dearfach ar an ngeilleagar aige, agus an méid tairbhe agus is féidir a chruthú do na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu faoi láthair agus a mbeimid ag freastal orthu amach anseo.

Is ann do bhrú ó fhoinsí seachtracha freisin, de réir mar a bheidh an cor chun donais sa gheilleagar ag dul i laige. Dá ainneoin sin, ní mór dúinn díriú ar chobhsaíocht fhadtéarmach Iarnród Éireann a chinntiú. I ndeireadh na dála, cuirfidh sé seo lenár gcumas réitigh inbhuanaithe iompair a sheachadadh a shásóidh riachtanais ár gcustaiméirí, agus a fhreastalóidh ar leasa shochoaí, gheilleagar agus thimpeallacht na hÉireann sna blianta amach romhainn.

**Phil Gaffney**

Cathaoirleach, Iarnród Éireann Irish Rail





# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



## Sábháilteacht


Tá ról lárnach ag sábháilteacht i ngach tasc a chuirimid i gcrích, agus táimid ag leanúint le tús áite a thabhairt do chúrsaí sábháilteachta a fheabhsú. Is é ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta atá mar bhonn taca leis an tsábháilteacht in Iarnród Éireann, arna mbailíochtú ag an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid.

I mí Iúil 2014, tugadh bac faoi deara ar an líne idir Bré agus na Clocha Liatha mar gheall ar eachtra loitiméireachta, bac ba chúis leis an gcéad díráillíú traenach ar thraein DART inseirbhíse ó cuireadh tús leis an tseirbhís 30 bliain ó shin. Níor gortaíodh aon duine, agus seachas an t-aon eachtra amháin seo ní raibh aon díráillíú traenach ná imbhualtí traenach in 2014. Táimid ag leanúint, áfach, le béim a leagan ar raon táscairí sábháilteachta a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le riosca agus cibé gníomh is gá a dhéanamh chun é a laghdú.


Cúis dóchais ba ea an laghdú ar an líon Comharthaí Rabhaidh Sáraithe – laghdú ó 18 in 2013 go dtí 10 in 2014, rud a chiallaigh go raibh treocht laghdaitheach le sonrú i ndiaidh méadú a bheith tugtha faoi deara in 2013. Le cois béim leanúnach a leagan ar fhachtóirí daonna, baineann fiorthábhacht leis an teicneolaíocht atá in úsáid a threisiú. In 2014, leanadh le hobair ar chóras cosanta traenach a fhorbairt d’fhonn a chinntiú go gcoisceann traein go huathoibríoch ag comhartha dearg mura bhfuil sé sin déanta ag an tiománaí, córas atá i bhfeidhm ar an DART faoi láthair. Suiteáladh fréamhshamlacha ar aonaid traenach, agus tá tástáil dhinimiciúil ar bun.

San idirlinn, tá Fearas Meabhrúcháin Tiománaí á shuiteáil ar gach flít díosail, a oibríonn tiománaíthe nuair a bhíonn siad stoptha ag comharthaí dearga – fearas a bheidh mar bhonn leis an seans go dtarlóidh SPAD agus cásanna áirithe, nuair a fhágann traein stáisiún agus comhartha dearg ar taispeáint mar shampla.


Comhartha Rabhaidh Sáraithe – Meánmhéid Rollach Bliain Amháin



Díráillithe agus Imbhualite (lena n-áirítear Crosairí Comhréidhe) – Meánmhéid Rollach Bliain Amháin



Tionóiscí Tríú Páirtí – Meánmhéid Rollach Bliain Amháin



Táimid ag leanúint ag díriú ar raon táscairí sábháilteachta a bhfuil sé mar aidhm leo riosca a laghdú







Daoine ag sciorradh agus ag titim i stáisiún agus teagmhais ag an gcomhéadan traenach/ardáin den chuid is mó a bhí i gceist leis na tionóiscí tríú páirtí a tuairiscíodh.

Is ionann é seo agus méadú 15% i gcomparáid leis an líon tionóiscí a tharla in 2013, agus is dírithe ar fhachtóirí inmheánacha agus tionchar a imirt ar iompraíocht paisinéirí atá na bearta maolaithe. Tugadh laghdú 12% faoi deara sa líon tionóiscí aga dhíomhaoin sa bhliain i gcomparáid le 2013. San áireamh sna figiúirí tionóisce do 2014 tá 21 teagmhas de chomhaltaí foirne a bheith ag déileáil le tráma síceolaíoch i ndiaidh teagmhas a tharla ar an nGréasán.

Bhí idirchaidreamh leanúnach leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, mar aon leis an gCoimisiún um Shábháilteacht Iarnróid agus An Garda Síochána, chun déileáil le mí-úsáid crosairí comhréidhe. Tharla dhá theagmhas inar imbhuail traenacha le feithiclí bóthair ag crosairí comhréidhe, agus tuairiscíodh 30 neastionóisc. Ó tharla an maoiniú atá ar fáil do dhúnadh a bheith laghdaithe, tá Iarnród Éireann i mbun réiteach teicniúil a fhorbairt chun sábháilteacht ag crosairí comhréidhe a fheabhsú, agus tá sé beartaithe roinnt córas píolótach a shuiteáil i rith 2015.

## Forbhreathnú Airgeadais

Is ionann an toradh foriomlán don bhliain agus easnamh €2.2 milliún i gcomparáid leis an easnamh de €16.4 milliún a tugadh faoi deara in 2013. Ní raibh sé seo agus roinnt torthaí deireadh bliana eile ag teacht, áfach, lena raibh tuartha i ndiaidh maoiniú forlionsach a bheith faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí na Nollag 2014. Ainneoin go raibh an maoiniú seo ag teastáil agus gur chuir sé ar chumas Iarnród Éireann tabhairt faoi oibreacha riachtanacha cothabhála flít agus bonneagair, baineann dúshlán fós le staid airgeadais na cuideachta.

Dúshlán suntasach amháin is ea, mar a dhearbhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2014, go bhfuil ár sócmhainn bonneagair tearcmhaoinithe thart ar €70 milliún in aghaidh na bliana. Beidh impleacht ag tearcmhaoiniú leanúnach an bhonneagair ar ár sláine airgeadais, mar aon le himpleachtaí eile gnó freisin mar a tharla ag tréimhsí éagsúla roimhe seo – lena n-áirítear luas na línte a laghdú agus níos mó dúshlán a bheith ag baint ag feidhmíocht sábháilteachta a chothabháil. Beidh tionchar aige seo freisin ar ár bhfás spriocdhírthe ar ghnó. Tá an leibhéal tearcmhaoinithe níos mó ná an maoiniú forlionsach a sholáthair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2014, fianaise ann féin ar an tábhacht a bhaineann le leibhéal mhaoinithe inbhuanaithe a chinntiú dár seirbhís agus dár ngréasán.

In 2014, mhéadaigh an t-ioncam a bhí luaite le gach gníomhaíocht gnó – paisinéir, lastas, Ros Láir, ioncam ó réadmhaoin agus ó fhógraíocht, agus ioncam tríú páirtí. Chuir tionscnaimh spriocdhírthe mhargaíochta, tionchar na mbeart comhtháite iompair agus feabhas leanúnach ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch leis an toradh seo. Bhí an t-ioncam iomlán de €218.0 milliún beagnach cothrom le leibhéal nach tugadh faoi deara ó 2008 i leith. Cuireadh é seo i gcrích ainneoin dhá lá de ghníomhaíocht thionsclaíoch ag deireadh Lúnasa, agus chuir fás i ngach gnó, oibreacha tríú páirtí go mór leis seo freisin.

Cuireadh críoch leis an maoiniú do ghníomhaíochtaí Bonneagair faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair (MAC) i Ráithe 4 agus le maoiniú breise d'oibreacha coigeartaithe i ndiaidh na stoirmeacha a tharla ag tús 2014. Soláthraíodh €15.1 milliún breise laistigh den Chonradh Ilbhliantúil, agus úsáideadh €7.0m den mhaoiniú seo chun damáiste stoirme a chur ina cheart. Dá réir sin, ainneoin nach bhfuil athrú tagtha ar bhonn costais na sócmhainne bunúsaí, d'éascaigh socruithe nua an Chonartha Ilbhliantúil athrú ar nádúr na hoibre a bhí á dhéanamh ar an tsócmhainn Bonneagair agus leagadh níos mó béime ar obair chothabhála riachtanach nár bhain le hathnuachan sócmhainní. Is é a bhíonn mar thoradh air seo caiteachas méadaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais, le hais tionchar a bheith aige ar an gclár comhardaithe.

## Párolla

I mí Mheán Fómhair chomhaontaigh na ceardchumann ar thograí pá agus táirgiúlachta ar feadh tréimhse 25 mí, tógraí a raibh sé mar aidhm leo coigilteas €8.5 milliún a chruthú. Is in 2015 a bheidh tairbhe bhliain iomlán an choigilte le sonrú.



## Oibríochtaí Traenacha

### Achoimre ar an margadh

In 2014 tugadh fás suntasach sa líon turas paisinéirí agus san ioncam paisinéirí, 3.0% agus 4.6% faoi seach, faoi deara. Ar an iomlán, mhéadaigh an líon turas paisinéirí 1.1 milliún go dtí 37.8 milliún, an chéad bhliain ó 2007 ar tugadh fás faoi deara. Tugadh fás faoi deara sna gnóthaí go léir – Intercity, DART agus Comaitéir ag 3.4%, 2.1% agus 3.5% faoi seach.

### Feidhmíocht oibríochtúil

Tugadh feabhas ar phoncúlacht traenach faoi deara thar raon beart éagsúil agus tugadh feabhas ar phoncúlacht faoi deara ar fhorhmór na mbealaí, agus bhí poncúlacht de bhreis ar 95% luaite le formhór na gcásanna – sa bhreis ar an riachtanas íosta OSP de 90%.

Leagadh béim faoi leith ar mhóilleanna i rith shéasúr thitim na nduilleog an fhómhair, tréimhse ina tugadh laghdú faoi deara ar líon agus ar thionchar eachtraí moille mar gheall ar ghreamaitheacht íseal iarnróid.

### Gníomhaíocht tráchtála

Lean gníomhaíocht tráchtála na cuideachta ag tacú le fás i bpríomh-mhargáí. In 2014, bhí iarrachtaí poiblíochta mac léinn mar bhonn le fás sna figiúirí dúbailte de 18% don tríú bliain as a chéile. Bhí sraith de dhíolachán suíochán ar líne a reáchtáladh in 2014 mar bhonn le méadú 33% a bheith le sonrú sa líon turas paisinéirí curtha in áirithe ar líne. Mhéadaigh ioncam Coigilte Cánach 12% agus tá líon níos mó ná riamh cuideachtaí cláraithe lenár bhfoireann díolacháin gnó, rud a bhí mar bhonn le dlús a chur freisin faoi úsáid laistigh de chuideachtaí rannpháirteacha reatha.

D'éirigh leo maoiniú a fháil don chlár Customer First, clár a chinnteoidh go mbeidh tionscnaimh theicneolaíochta mar bhonn leis an mbealach a idirghníomhaíonn agus a dhéanann Iarnród Éireann teagmháil lena chustaiméirí. Tá conarthaí díoltóirí forghníomhaithe, agus beidh tairbhe do chustaiméirí ar bhonn céimnithe idir 2015 agus 2017 mar thoradh ar an gclár.

Síníodh comhaontú comhpháirtíochta le Belmond chun traein sóchais a oibriú ar fud na hÉireann ó 2016 ar aghaidh.


Leanadh le gníomhaíocht gnó ar bord i gcaitheamh na bliana agus reáchtáladh imeachtaí 'Networking on the Move' i gComhlachais Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Luimnigh, agus na Gaillimhe.

Bhí leibhéal foriomlán sástachta 90% luaite leis an monatóir neamhspleách ar Shásamh Custaiméirí a rinne Iarnród Éireann.

### Cothabháil traenach

Áirítear i ngnó Oibríochtaí Traenach cothabháil traenach, agus tá béim leanúnach leagtha ag an bhfoireann bainistíochta flit ar ár n-acmhainní a úsáid ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir mar fhreagairt ar éileamh ó chustaiméirí. Lena chois sin, tá tús curtha le mórchlár athchóirithe, maoinithe ag Ciste Interreg an Aontais Eorpaigh, chun flit Dublin/Belfast Enterprise a uasghrádú.

Beidh sraith traenach Enterprise athchóirithe agus feabhsaithe mar thoradh ar an tionscadal seo. Áireofar sa tionscadal seo olldeisithe córas agus comhchodanna, athdhearadh inmheánach agus athruithe seachtracha libhré. Chomh maith leis sin, cuirfear roinnt feabhas i gcrích i ndáil le heolas do phaisinéirí, pointí cumhachta do chustaiméirí, córais áirithe suíochán, córas fógartha poiblí, CCTV salúin agus dírithe chun tosaigh agus córas diagnóiseach/bainistíochta traenach.



Ní mór glacadh leis an iarnród mar shócmhainn luachmhar agus a fhorbairt a ailíniú le pleanáil agus le beartais ghinearálta



Is é Translink an príomhpháirtí agus tá ról gníomhach ag Iarnród Éireann sa tionscadal freisin.

### Cosaint ioncain

Eisíodh beagnach 10,000 táille pionóis i rith na bliana, méadú 30%, arb ionann é agus méadú suntasach ar ghníomhaíocht cosanta ioncain. D'éascaigh níos mó acmhainní a raibh tacaíocht cúloifige luaithe leo mar aon le hidirchaidreamh éifeachtach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus oibreoirí eile éifeachtacht feabhsaithe na cosanta ioncain.

### Bainisteoir Bonneagair

I measc na bhfoinsí ioncain atá luaithe le gnó an Bhainisteora Bonneagair tá maoiniú ón gConradh Ilbhliantúil agus táillí rochtana riain ó oibríochtaí traenach, oibríochtaí paisinéara agus lastais san áireamh. As ioncam de €191.7 milliún, thuairiscigh an Bainisteoir Bonneagair easnamh de €2.1 milliún.

Ba í 2014 an chéad bhliain iomlán a raibh an Conradh Ilbhliantúil i bhfeidhm inti agus cuireadh na riachtanais ar fad i gcrích i rith na bliana. San áireamh anseo bhí na cláir oibre ar fad a chur i gcrích laistigh den chaiteachas a bhí luaithe mar aon le clár cuíchóirithe gréasáin a chur i gcrích, clár a raibh sé mar aidhm leis fáil réidh le sócmhainní barrachais.

### Tionscadail feabhais

Infheistíodh caiteachas caipitil €122.4 milliún san iarnród i rith 2014. Áirítear leis na tionscadail atá ar siúl i láthair na huair:

- Oibreacha droichid ionas gur féidir crosaire Reilly a dhúnadh, crosaire atá suite siar ó thuaidh ó stáisiún Dhroichead Broom, oibreacha a cuireadh i gcrích agus osclaíodh an bóthar nua ag tús mhí Feabhra 2015. Bealach a bhí anseo chun fáil réidh le trasbhealach fíorghnóthach, agus beidh sé mar bhonn le sábháilteacht oibríochtaí traenach a fheabhsú.

- Oibreacha a éascú chun Tarbhealach Dhroichead Átha a athchóiriú, oibreacha ar cuireadh tús leo i mí na Bealtaine, a bhfuil maoiniú Interreg AE á fháil ina leith agus oibreacha atá á ndéanamh i gcomhar le Translink.
- Réamhoibreacha dearaidh lena n-áirítear riachtanais bhreise bonneagair, amchlár molta, cás gnó agus tionchar ar leibhéil fóirdheontais agus líne thollán Pháirc an Fhionnuisce in úsáid mar éascaitheoir do sheirbhísí breise ó Chill Dara go dtí tuaisceart na cathrach agus stáisiún Iár na cathrach.
- I nDeireadh Fómhair 2013, coimisiúnaíodh Céim 1 de thionscadal athchomharthaíochta Iár na Cathrach chun trealamh comharthaíochta nua a shuiteáil ó Mhullach Íde go Cill Easra. Tá sé beartaithe Céim 2 agus 3 a choimisiúnú i Ráithe 4 2016. Tá Dearadh Comharthaíochta ar siúl go leanúnach ar aon dul leis an gclár oibre céime. Éascóidh an tionscadal seo acmhainn mhéadaithe ar gach seirbhís iarnróid.

### Pleanáil straitéiseach

#### Creat straitéiseach le haghaidh Infheistíochta in Iompar ar Tír

D'fháiltigh Iarnród Éireann roimh an moladh a rinneadh i gCreat straitéiseach le haghaidh Infheistíochta in Iompar ar Tír na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, gur chóir tosaíocht a thabhairt do Bheartas nua Iarnróid a fhorbairt. Chuirfeadh beartas soiléir náisiúnta ina n-aithnítear gur sócmhainn náisiúnta luachmhar an t-iarnród, agus ina n-aithnítear na tosaíochtaí, costais agus tairbhí a eascróidh as ról agus forbairt na seirbhísí iarnróid in Éirinn – ailínithe le beartais gheilleagracha, pleanáil spásúil, sóisialta agus inbhuanaitheachta, go mór leis an iarracht an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as an ngréasán iarnróid.

#### DART Faoi Thalamh

D'iarr NTA ar Iarnród Éireann an cás gnó a bhaineann le DART Underground a nuashonrú, cás gnó a cuireadh i dtoll a chéile in 2010 le tacú le próiseas Pleanála an Ordaithe um Iarnród. Áireofar sa chás gnó nuashonraithe, na himthosca athraithe geilleagracha agus beidh sé á chur i dtoll a chéile de réir na dtreoirilínte breithmheasa tionscadail is déanaí. Tá AECOM roghnaithe arís chun cabhair a thabhairt le forbairt an cháis ghnó.



## Staidéar Iompair Poiblí Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Ar aon dul leis seo, tá NTA i mbun Comhairliúcháin Phoiblí bunaithe ar Staidéar Iompair Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Táthar ag tuar go mbeidh méadú le sonrú sna patrúin taistil i réigiún Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh sa mheántearma, mar thoradh ar mhéadú sa daonra agus sna deiseanna fostaíochta. Ní bheidh taisteal i gcarranna in ann freastal ar an éileamh méadaithe; agus beidh sé riachtanach an córas iompair poiblí a fhorbairt.

Tá iarracht ar bun ag an Údarás Náisiúnta Iompair Réitigh mheántearmacha/fhadtearmacha iompair poiblí a fhorbairt do cheantar Fhine Gall/Bhaile Átha Cliath Thuaidh. I measc na roghanna atá á n-athbhreithniú tá nasc Aerfoirt an DART ó Chluain Ghrifín go hAerfort Bhaile Átha Cliath, nasc a d'fhéadfaí a áireamh mar scéim a bheadh ag feidhmiú i gcomhpháirt le hIarnród Éadrom ó Luas Traschathrach go Sord.

## Feabhas ar amanna turais

Tá iniúchadh á dhéanamh ar dheiseanna chun amanna turais a fheabhsú, ar an mbealach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh go háirithe.

## Lastas

Áiríodh le heochair-thrácht na Cuideachta ó thaobh lastais iarnróid sa bhliain 2014:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach go Calafort Bhaile Átha Cliath

- Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha go Calafort Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge
- Adhmad ó Cho. Mhaigh Eo chomh fada le Muileann Láin Phort Láirge

Mhéadaigh ioncam lastas iarnróid 3.3% go dtí €5.1 milliún in 2014, agus mhéadaigh an líon iomlán ciliméadar tonna beagnach milliún go dtí 99.8 milliún.

Táthar ag díriú ar roinnt deiseanna nua gnó, agus tá sé mar aidhm le hoibriú traenacha níos faide costaonad lastas iarnróid a laghdú do chustaiméirí.

D'éirigh go maith le gnó Freight Navigator Iarnród Éireann, gnó atá dírithe ar pháirteanna uathghluaisneacha do charranna a bhailiú agus a dháileadh, in 2014 sháraigh an t-ioncam a thuill an gnó an 7% a bhí tuartha. Ba é an gnó Freight Navigator an gnó is fearr ar éirigh leis san Eoraip san earnáil seo freisin – seachadadh 99% de na horduithe in am ar fud na hÉireann.

## Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann atá ag feidhmiú mar Údarás Calafóirt ag Europort Ros Láir, an dara Calafort is gnóthaí sa Stát i dtéarmaí cuairteanna ó longa, tréachur paisinéirí agus lastas aonadaithe.

Ainneoin tionchar dochrach a bheith ag na drochstoirmeacha ba chionsiocair le líon ollmhór cealuithe in Eanáir agus Feabhra, tugadh méadú 4% faoi deara bliain i ndiaidh bliana arbh fhiú €10.1 milliún é. Ag tacú leis seo bhí seirbhís sheachtainiúil nua don samhradh – LD Lines – seirbhís a bhí ag freastal ar St. Nazaire agus Gijon mar aon leis an tseirbhís Stena Line go Cherbourg, seirbhís a bhí á reáchtáil ag Celtic Link tráth. Tugadh méadú 2% ar aonaid lastais agus méadú 1% ar fheithiclí paisinéirí faoi deara.



## Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar lean

Chomh maith leis sin, bhí na stoirmeacha mar bhonn le méid ollmhór gainimh a bhogadh i dtreo bhéal an chalafoirt agus b'éigean beart amháin a dhúnadh agus ní raibh ach rochtain theoranta ar bhearta eile. Cuireadh críoch leis an obair chun an gaineamh a bhogadh i rith na Nollag i ndiaidh na gceadúnas cuí a bheith faighte chun tabhairt faoin obair.

### Pobal

In 2014, d'fhoilsigh Iarnród Éireann a chéad ráiteas maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, ráiteas inar sonraíodh tiomantais Iarnród Éireann do na pobail a bhfuil baint aige leo.

I measc ár dtiomantais tá an tionchar atá againn ar an timpeallacht a laghdú; seirbhísí a sholáthar ar bhealach sábháilte dár gcomharsana agus dár bpobail; an bealach a dhéanaimid ár gnó; an luach agus an tacaíocht a thugaimid dár bhfoireann; an bealach atá againn le caidreamh lenár bpáirtithe leasmhara a chothú.

Ag eascairt as an éifeacht thrámach a bhíonn ag iarrachtaí a dhéanann daoine iad féin a mharú ar ár ngréasán ar ár bhfostaithe, tá tiomantas corparáideach tugtha againn

a chiallaíonn go bhfuilimid meáite ar aird a tharraingt ar cheisteanna meabhairshláinte. D'oibríomar i gcomhar le Mí Feasachta Meabhairshláinte Seechange na hÉireann in 2014 chun Ribíní Glasa a dháileadh saor in aisce ar chustaiméirí agus ar fhostaithe.

Tá maoiniú déanta againn ar chomharthaíocht do na Samáraigh ag ardáin ar fud ár ngréasán, i ndiaidh taighde a rinneadh sa Ríocht Aontaithe a thugann le fios go mbíonn a leithéid de chomharthaíocht mar bhonn leis an líon eachtraí féinmharaithe ar ár ngréasán iarnróid a laghdú.

Ba é anuraidh an tríú bliain a reáchtáladh an tionscnamh tacaíochta pobail The Journey's on Us – tionscnamh a thugann deis do 100 grúpa ón bpobal, grúpaí deonacha, carthanais agus earnálacha spóirt dul ar thuras traenach saor in aisce.

Bhí laghdú suntasach ar iompraíocht fhrithshóisialta ag an stáisiún trí úsáid a bhaint as raon tionscnamh mar thoradh ar an obair a rinne muid leis an bpobal i nDroichead Broom. Bronnadh Gradam Nuálaíochta d'oibreoirí iarnróid as ar fud na hÉireann agus na Breataine ar an gclár seo ag Searmanas Bronnta Gradam Institiúid na nOibreoirí Iarnróid.

Cabhraíonn comhpháirtíochtaí le Seechange agus leis na Samáraigh chun aird a tharraingt ar cheisteanna meabhairshláinte



## Comhshaol

### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

Léirítear próifíl ídithe Fuinnimh Iarnród Éireann (MWh) thíos: (gach figiúr slánaithe chuig '000)

Bliain	2006	2011	2012	2013	2014
Breosla díosail do tharraingt	670,300	468,300	455,400	451,000	414,900
Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí	35,400	25,000	23,900	21,200	19,200
Breosla Bóthair	13,400	16,700	16,200	15,700	15,300
Leictreachas eile	31,000	40,000	37,400	37,800	37,400
Gás don téamh	18,500	10,800	10,100	10,700	8,400
<b>Úsáid Fuinnimh Iomlán MWhr</b>	<b>768,600</b>	<b>560,800</b>	<b>543,000</b>	<b>536,400</b>	<b>495,200</b>
	<b>100%</b>	<b>73%</b>	<b>71%</b>	<b>70%</b>	<b>64%</b>
<b>Paisinéir M km</b>	1,872	1,639	1,583	1,568	1,803
<b>Úsáid Fuinnimh Iomlán MWhr in aghaidh 10,000 km Paisinéara</b>	4.03	3.32	3.33	3.42	2.75
	<b>100%</b>	<b>82%</b>	<b>82%</b>	<b>85%</b>	<b>69%</b>
<b>Traein M km</b>	18.2	18.1	18.4	18.3	18.4
<b>Úsáid Fuinnimh Iomlán MWhr in aghaidh 100 km Traenach</b>	4.14	3.01	2.86	2.94	2.69
	<b>100%</b>	<b>73%</b>	<b>69%</b>	<b>71%</b>	<b>65%</b>
<b>Líon na gCuntas Leictreachais (MPRN)</b>	390	574	593	628	597
	<b>100%</b>	<b>147%</b>	<b>152%</b>	<b>161%</b>	<b>153%</b>
<b>Costas Fuinnimh bunaithe ar Ola Dhíosail</b>	0.34	0.63	0.71	0.80	0.77
	<b>100%</b>	<b>185%</b>	<b>209%</b>	<b>234%</b>	<b>227%</b>


Thug Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann aitheantas don obair atá déanta ag Iarnród Éireann chun ídiú breosla agus fuinnimh a laghdú sna flíteanna díosail agus sna flíteanna faoi thiomáint leictreachais, trí Ghradam d'Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí a bhronnadh air.

Rinneadh athrú ollmhór ar chumraíocht traenacha faoi thiomáint díosail chun acmhainn a mheaitseáil le héileamh agus dá ainneoin seo cuireadh an leibhéal céanna seirbhíse ar fáil ag deireadh 2013; ba in 2014 a tugadh impleacht iomlán an athraithe seo faoi deara – feabhas 8% bliain i ndiaidh bliana ar ídiú breosla díosail tarraingthe. Cuireadh athruithe cumraíochta mórán mar an gcéanna i bhfeidhm ar fhlít DART i lár 2013, agus chomh maith leis sin modhnaíodh na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe thar ceann fhlít DART, modhnú a raibh feabhas 9% bliain i ndiaidh bliana ar ídiú leictreachais tarraingthe mar thoradh air.

Chomh maith leis sin, déileáladh le hídú fuinnimh inár bhfoirgnimh agus tá laghdú suntasach – 21% – tugtha faoi deara ar úsáid gáis, mar gheall ar bhainistiú den chuid is mó, agus tá laghdú leanúnach ag teacht ar úsáid fuinnimh trí chéile, agus tá 64% den fhiúir bonnlíne a sonraíodh in 2006 sroichte anois.

Léirítear sa ghraf seo a leanas an próifíl ídithe fuinnimh ó 2006, i gcomparáid le costas fuinnimh bunaithe ar ola dhíosail.

Thit an costas fuinnimh a bhí luaite le Gás, Leictreachas agus Díosal. Déantar ceannacháin díosail a fháil ar aghaidh ionas go bhfuil léargas á thabhairt ag na praghsanna ar an bpraghas fálaite, ní ar an "Prap-phraghas".



## Gníomhartha glactha sa bhliain 2014 agus ar na Bacáin don bhliain 2015

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh sa bhliain 2014 lena shaothar ar roinnt leibhéal:

### Breosla Díosail do tharraingt

- Cuireadh tús le clár tástála ar tháirge chun próiseas a fhíorú, próiseas a éilíonn ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail a laghdú.

D'éirigh an próiseas agus an trealamh sin fíor-achrannach, agus cuireadh tús leis an triail iomlán i mí Eanáir 2014.

Tá na torthaí á meas agus é mar aidhm bunús a thabhairt do Chás Gnó.

Coigilteas ionchais de 12,000 MWh sa bhliain (laghdaithe bunaithe ar ionchas crapthach agus torthaí tosaigh tástála).

Tá ESCO (Cuideachta Seirbhíse Fuinnimh) ag cabhrú leis an staidéar sin.

- Inneall traenach – Athsholáthar.

Táthar anois i mbun machnaimh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an 20 innill dhá bhuille atá 40 bliain d'aois a athsholáthar le hinnill éifeachtacha, nua-aimseartha níos lú, innill a mbeidh múchadh uathoibríoch mar áis chaighdeánach orthu.

Tá Staidéar Féidearthachta ar chóras tomhais curtha i gcrích (déanta le cabhair ón Scéim Creidiúintí Fuinnimh).

Feistefar trealamh chun Ídiú Breosla a Thomhas in 2015 agus cuirfear tús le tomhais bhonnlíne.

### Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí

- Ghin an dara céim, olldeisiú suntasach ar mhéideanna na traenacha (an méid a mheaitseáil leis an éileamh laghdaithe) coigilteas breise.
- Modhnaíodh na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe ar an gcuid den fhlíit DART a bhí fágtha in 2014, rud ba chúis le tuilleadh coigiltis fós.
- Bhí na coigiltis iomlána a gineadh in 2014 mar bhonn le 2 GWhr breise a chruthú.



## Ídiú Fuinnimh i bhFoirgnimh

Tá roinnt clár ar bun sa réimse seo:

- Rialú soilsiú carrchlóis – le críochnú i lár 2015.
- Fáil réidh le agus ionadú a dhéanamh ar théitheoirí ionsuite – le críochnú in 2016.
- Fáil réidh le agus ionadú a dhéanamh ar théitheoirí uisce – le críochnú in 2016.

Ba chóir go mbeadh coigilteas sa bhreis ar 1 GWWhr mar thoradh ar na tionscnaimh seo.

## Ár nDaoine

Lean foireann 3,770 (an meánlíon fostaithe in 2014) Iarnród Éireann, le seirbhísí iompair sábháilte agus ar ardchaighdeán a sheachadadh dá chustaiméirí i rith tréimhse dhúshlánach gheilleagrach. Tá an líon fostaithe laghdaithe 23% ó 2007 ainneoin méadú a bheith tagtha ar ár ngréasán agus an ciliméadar traenach a bheith mar an gcéanna.

In 2014, thángthas ar chomhaontú le ceardchumainn maidir le bunphá sealadach roimhe seo do gach fostaí. Is le tréimhse 25 mí atá sé seo luaite, agus áirítear ann idir 1.7% dóibh siúd a bhfuil €56,000 nó níos lú á tuilleamh acu (74% d'fhostaithe) agus 6.1% dóibh siúd a bhfuil sa bhreis is €100,000 á thuilleamh acu. Cúis díomá ba ea an dá lá de ghníomhaíocht thionsclaíoch a d'éagraigh NBRU agus SIPTU i mí Lúnasa, an chéad dá lá oibre a cailleadh mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch ó 2000. I ndeireadh na dála, áfach, ghlac formhór na bhfostaithe trí bhallóid leis na bearta pá agus táirgiúlachta a mbaineann tábhacht leo i ndáil lenár n-inmharthanacht airgeadais.

Dá ainneoin seo, gné lárnach den ghéarchéim airgeadais ba ea an tacaíocht atá tugtha ag fostaithe i ndáil le bearta sábhála costais a aithint agus a chur i bhfeidhm, agus táthar ag leanúint leis seo tríd an obair atá á déanamh ag ár gCoiste Bainistíochta Costais leis an bhfoireann bainistíochta, mar aon le rannpháirtíocht fostaithe.

Tá tosaíocht á tabhairt ag an gcuideachta do chumarsáid feabhsaithe le fostaithe, agus i rith 2014 cuireadh tuilleadh feabhais fós air seo trí dheiseanna a sholáthar ar fud an ghréasáin d'fhostaithe bualadh le agus teagmháil dhíreach a bheith acu leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach; cumarsáid rialta maidir le cruinnithe a bhíonn ag feidhmeannaigh shinsearacha agus ceisteanna sábháilteachta, airgeadais, caidreamh tionsclaíoch agus ceisteanna maidir leis an tseirbhís atá á soláthar do chustaiméirí.

In 2014, bronnadh gradaim ar fhostaithe Iarnród Éireann, gradaim a bhí bunaithe ar chomparáid le piaraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, as príomhréimsí a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Gradaim Nuálaíochta a bhuachan d'Iarnróid ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe ag Searmanas Bronnta Gradam Institiúid na nOibreoirí Iarnróid
- Buaiteoir don tríú bliain as a chéile don Chuntas Gnó Twitter is Fearr (Tacaíocht/CRM) ag Gradaim na Meán Sóisialta
- An dara háit ag Gradaim Fhuinneamh Inmharthana Éireann d'Éifeachtúlacht Fuinnimh san Eanáil Phoiblí
- Navigator Freight aitheanta ag Ford Europe mar an soláthraí lóistíochta is fearr san Eoraip

Seachadann ár bhfoireann de 3,770 fostaí seirbhís iompair sábháilte agus ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí



# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Stiúrthóirí ag an 1 Aibreán, 2015

### Cathaoirleach

An tUasal P. Gaffney

---

### Stiúrthóirí

An tUasal F. Allen

P. Golden, Uasal

T. McGee, Uasal

An tUas. J. Moloney

An tUasal Flor O'Mahony

An tUasal J. Nix

An tUasal T. Wynne

---

### Príomhfheidhmeannach

An tUasal D. Franks

---

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

G. Finucane Uasal

Stáisiún Uí Chonghaile

Baile Átha Cliath 1

Guthán: 00 353 1 836 3333

Facsamhail: 00 353 1 836 4760

Láithreán Gréasáin: [www.irishrail.ie](http://www.irishrail.ie)

Uimhir Chláraithe: 119571

Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna

---

### Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

Uimhir a hAon Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

---

## Beathaisnéisí Stiúrthóirí

---



### Phil Gaffney

Athcheapadh Phil Gaffney mar Chathaoirleach ar Iarnród Éireann agus mar Chomhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2014; roimhe sin bhí sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Iarnród Éireann agus mar Chomhalta de Bhord CIÉ ó Mheitheamh 2011 agus mar Stiúrthóir ar Iarnród Éireann ó 2006. Is innealtóir comharthaíochta iarnróid é an tUasal Gaffney. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, bhí 28 bliain caite ag Phil ag obair le Hong Kong MTR. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ceaptha mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta Bhord CIÉ. Chomh maith leis sin, is Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é de Bhord Crossrail Londen agus comhalta de Choiste Sláinte & Sábháilteachta Crossrail.

---



### Frank Allen

Is comhairleoir neamhspleách airgeadais é Frank Allen, a sholáthraíonn comhairle maidir le hinfheistíocht bhonneagair agus oibríochtaí a bhaineann le geilleagair fhorbraíochta agus idirlinne. Bhí sé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród idir 2002 agus 2012 agus roimhe sin bhí sé ag feidhmiú mar Cheannasaí Airgeadas Bonneagair ag Banc KBC agus chaith sé seal ag obair sa Bhanc Domhanda i Washington DC. Céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts é. Is comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí é.

---



### Patricia Golden

Ceapadh Patricia Golden ina comhalta de bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2012. Is Cuntasóir Cairte í a bhfuil breis is 25 bliain taithí ag leibhéal sinsearach bainistíochta aici i raon cuideachtaí sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn. Tá Diplóma i Rialachas Corparáideach aici agus faoi láthair tá sí ag obair mar Shainchomhairleoir a bhfuil saineolas straitéiseach á sholáthar aici sna réimsí seo a leanas – Bainistíocht Athruithe, Bainistíocht Tionscadal, agus Forbairt Córas. Roimhe seo bhí sí ag feidhmiú mar Cheannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha le Fuinneamh Inmharthana Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide agus Scoil Gnó Smurfit an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Patricia.

---



### Paul McGarry

Is abhcóide sinsearach é Paul Mc Garry a bhfuil saineolas aige ar dhlí tráchtála, poiblí agus AE. Chaith sé deich mbliana ag feidhmiú mar chomhalta tofa d'Ardchomhairle Bharra na hÉireann agus bhí sé ina chathaoirleach ar roinnt de choistí na hArdchomhairle. Roimhe seo bhí sé ag obair mar oifigeach sa Choimisiún Eorpach, agus i láthair na huairé is comhalta é de Choiste Rialacha na nUaschúirteanna agus tá sé i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann chun Comhairle Bharraí agus Dhlí-Chumainn na hEorpa. D'éirigh an tUasal McGarry as a chúraimí boird ar an 7 Márta 2014.

---



### Tracey McGee

Ba i 1990 a bhain Tracy cáilíocht mar Atur nae amach agus chaith sí tréimhsí ag obair sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn sular cháiligh sí mar Idirghabhálaí. Is Idirghabhálaí Deimhniúcháin í Tracey anois agus tá sí ag obair don tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ar bhonn conartha. Le linn a saoil ghairmiúil tá tréimhsí caite ag Tracey ag obair i gcleachtas príobháideach, san earnáil tráchtála agus phoiblí rud a chiallaíonn go bhfuil taithí aici ar ghnéithe éagsúla den dlí. Níl drogall ar bith ar Tracy tabhairt faoi dhúshlán nua agus síleann sí gurb ionann a ceapachán agus deis chun a cuid taithí a úsáid agus cur leis an obair atá ar bun. Ba i Meán Fómhair 2013 a ceapadh Tracey ina comhalta Boird.

---



### John Moloney

Ceapadh John Moloney mar chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 to 2001 agus ar bhord Iarnród Éireann i mí na Nollag 2009. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh John ag obair do Bus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta de NBRU é.

---



## Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile ar lean

---



### James Nix

Ba i mí Iúil 2012 a ceapadh James Nix ina chomhalta de bhord Iarnród Éireann. Tá sé ag feidhmiú mar stiúrthóir ar Green Budget Europe, ardán saineolaithe agus NGO bunaithe sa Bhreis. Tá sé mar aidhm leis an obair a dhéanann sé an muirear cánach a bhogadh ó oibreachas go truailliú, úsáid agus ídiú acmhainní, mar aon le fóirdheontais dochrach don timpeallach a laghdú. Chomh maith leis sin, is comhalta boird é de Transport & Environment, cónaidhm de bhreis is 140 eagraíocht ar fud an AE a bhfuil an obair a dhéanann siad dírithe ar bheartais iompair a fhorbairt a laghdáil agus astaíochtaí fuinnimh. Bhí James ag obair mar stiúrthóir ar An Taisce, tráth, agus is abhcóide cáilithe é a bhfuil céim mháistir in iompar agus forbairt eastáit réadaigh bronnta air freisin.

---



### Flor O'Mahony

Is comhairleoir gnóthaí poiblí é Flor O'Mahony agus comhairleoir le Fipra International. Tá tréimhsí caite aige ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa agus de Sheanad Éireann. D'oibrigh sé mar chomhairleoir don Tánaiste agus don Aire Sláinte agus Leasa Shóisialaigh, Brendan Corish agus do Cheannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Frank Cluskey. Léachtóir Comhlach le beartais agus próisis AE ba ea é san Fhoras Riaracháin go dtí 2006 agus is comhalta den Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha é. Ba i Meán Fómhair 2013 a ceapadh Flor ina chomhalta boird.

---



### Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne mar chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001 agus ar bhord Iarnród Éireann san am céanna. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Eanáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

---

# Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann

Tá na grúpaí comhairleacha seo a leanas bunaithe laistigh de Iarnród Éireann agus é mar aidhm acu comhairle a chur ar an mbord maidir le gnéithe straitéiseacha agus teicniúla agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar thograí bainistíochta. Seo a leanas sonraí maidir leis na grúpaí comhairleacha atá luaite le Iarnród Éireann agus a gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin;

## Grúpa Comhairleach Sábháilteachta (SAG)

Bunaíodh SAG Bhord Iarnród Éireann chun cur ar chumas an bhoird cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil cúrsaí Sábháilteachta (paisinéirí, oibríthe, conraitheoirí, comharsana) á mbainistiú go cuí in Iarnród Éireann.

### Ballraíocht

An tUasal Cliff Perry (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach

An tUasal Tommy Wynne (stiúrthóir oibrí)

## Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta (ARG)

Is áis cumarsáide idir an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, na hiniúcháirí seachtracha agus bord Iarnród Éireann é ARG Iarnród Éireann agus is áis atá ann freisin chun ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus próisis rialachais laistigh de Iarnród Éireann a athbhreithniú, tuairisc a sholáthar ina leith agus moltaí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, déanann ARG Iarnród Éireann príomhthátail imscrúduithe inmheánacha a mheas, mar aon le tuairiscí a scríobh maidir le freagairt na n-iniúcháirí inmheánacha agus an lucht bainistíochta.

### Ballraíocht

Patricia Golden, Uasal (Stiúrthóir Iarnród Éireann) Cathaoirleach

An tUasal Frank Allen (Stiúrthóir Iarnród Éireann)

## Grúpa Comhairleach Bonneagair (IAG)

Cuireann an IAG comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus ar an mbainistíocht innealtóireachta maidir le feidhmiú, leis an straitéis bainistíochta sócmhainní, straitéisí oibríochtúla d'innealtóireacht, athruithe rialála a mheas, agus tionscadail chaipitil a mheas agus a athbhreithniú.

### Ballraíocht

An tUasal Bob Clarke (comhairleoir neamhspleách)

Cathaoirleach

An tUasal David Wilkinson (comhairleoir neamhspleách)

## Grúpa Comhairleach Traenacha (TAG)

Bunaíodh TAG chun comhairle a chur ar bhord agus feidhmeannach Iarnród Éireann maidir le saincheistanna a bhaineann leis an nGnóthas Iarnróid, lena n-áirítear eispéireas custaiméirí, straitéisí tráchtála, tairiscint agus amchlár seirbhíse, agus saincheistanna innealtóireachta a bhaineann leis an bhflít traenacha.

### Ballraíocht

An tUasal Cliff Perry (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 agus an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Tá ráitis airgeadais na Cuideachta agus na nótaí gaolmhara, arb ionann iad agus cuid de na ráitis airgeadais san áireamh sa tuarascáil seo, ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí do phaisinéirí Intercity agus Iarnród Comaitéireachta, seirbhísí lastais agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta, Córas Iompair Éireann, comhlacht reachtúil ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, i seilbh Rialtas na hÉireann.

Déanann an Chuideachta monatóireacht rialta ar a feidhmíocht trí raon príomhtháscairí oibriúcháin agus feidhmíochta airgeadais. San áireamh sna hathbhreithnithe seo a dhéanann an fhoireann bainistíochta agus na stiúrthóirí tá béim shuntasach ar shábháil costais a bunaíodh roinnt blianta ó shin, sábháil costais a bhí mar bhonn leis an mbonn costais a laghdú, mar aon le caighdeán agus éifeachtacht na seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú.

Is fianaise iad torthaí 2014 gur mhéadaigh an t-ioncam ginte ó Oibríochtaí €22.9m i rith 2013. Bhí méid an fhóirdheontais a fuarthas in 2014 cothrom le €117.4m, laghdú €9.6m i gcomparáid le 2013. Mhéadaigh maoiniú Stáitchiste eile do shábháilteacht agus do chothabháil €61.9m i rith 2013.

Mhéadaigh na costais oibriúcháin, roimh chostais oibríochtúla eisceachtúla, €65.6m i gcomparáid le leibhéal 2013 mar gheall ar mhéadú sa mhaoiniú foriomlán, an t-athrú sa mhaoiniú idir athnuachaintí agus cothabháil agus muirear aonuaire ar chostais phinsin.

Thaifead an Chuideachta easnamh de €0.5m roimh mhuirear le haghaidh mír eisceachtúil de €1.6m le haghaidh costais athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a réasúnú. Bhí an t-easnamh foriomlán don bhliain cothrom le €2.2m i gcomparáid le €16.4m in 2013.

Cúis áthais do na Stiúrthóirí a thuairisciú gur comhlíonadh na spriocanna comhaontaithe go bliantúil idir an Chuideachta agus NTA.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain le fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá eolas maidir leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 le fáil idir leathanach 28 agus 58.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Chuideachta tiomanta do riosca a bhainistiú ar bhealach córasach agus smachtaithe. Trí phróiseas um bhainistíocht riosca uile-fhiontraíochta, aithnítear na príomh-rioscaí atá os comhair na Cuideachta agus forbraítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí a mhaolú. Is príomh-thosaíocht í sábháilteacht an iarnróid don Chuideachta i gcónaí agus léirítear é seo sa chlár riosca. Áirítear i measc na rioscaí is tromchúisí – mórtheagmhais oibríochtúla, cailteanas cumarsáid oibríochtúil agus teip go leanúnach ionchais chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile a chomhlíonadh. Tá an Chuideachta i mbun córas nua bainistíochta riosca a aithint agus a chur i bhfeidhm.

## An Bord

Is tríd an mBord Stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Is iad príomhról an Bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a fheabhsú agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na Cuideachta i gcomparáid le sraith príomhtháscairí feidhmíochta. Tá sceideal nithe atá le ceadú ag an mBord, a thagann le chéile, ar a laghad, naoi n-uaire in aghaidh na bliana.

## Cód Cleachtas um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tá tús áite á thabhairt go leanúnach ag Stiúrthóirí Iarnród Éireann d'ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá a bheartas féin rialachais chorparáidigh forbartha ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit eisithe ag an Roinn Airgeadais.

Tá sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta i ndiaidh an Chóid Chleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit a fhoilsiú sonraithe i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Córas Iompair Éireann.



## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbheithnithe Iniúchta ceaptha ag Bord Iarnród Éireann chun athbheithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bliantúla, rialuithe inmheánacha agus ceisteanna comhlíonta, éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus bainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, tá Grúpa Comhairleach Innealtóireachta ceaptha ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan bonneagair, bainistíocht tionscadal mór-bhonneagair, comharthaíocht, tionscadail leictreacha agus teileachumarsáide agus feidhmíocht. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach Traenacha leis an mBord le ceisteanna a bhaineann le heispéreas agus braistint custaiméirí, straitéisí tráchtála, innealtóireacht traenach, athruithe rialála agus rioscaí gnó. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta leis an mBord le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhréimsí gnó seo. Tá tuilleadh sonraí maidir le córas inmheánach rialaithe na Cuideachta sonraithe i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Faisnéis

Dáiltear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na Stiúrthóirí ar bhonn tráthúil sula reáchtáiltear cruinnithe Boird agus coiste. Cuirtear faisnéis a iarrann na Stiúrthóirí go sonrach ó am go ham leis na páipéir seo.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis bainistíochta go rialta a chuireann ar a gcumas grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta agus na foirne bainistíochta bunaithe ar na cuspóirí comhaontaithe.

## Gnóthas Leantach

Tá an Bord Stiúrthóirí sásta ainneoin gur ann do roinnt neamhchinnteachtaí, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun fanacht i mbun gnó go ceann i bhfad. Chuige sin, roghnaíonn siad bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déileálann Nóta 1 “Gnóthas Leantach” leis na neamhchinnteachtaí seo mar aon le hachóimre a dhéanamh ar chonclúidí na Stiúrthóirí i ndáil le gnóthas leantach.

## Leabhair Chuntais

Cinntíonn na bearta curtha i gcrích ag na Stiúrthóirí go bhfuil oibleagáid na Cuideachta leabhair chuntais chuí á gcoimeád á comhlíonadh, go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha á n-úsáid, agus go bhfuil pearsanra leis na cáilíochtaí

cuí á bhfostú. Is i bpríomhoifig na Cuideachta ag Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1 atá na leabhair chuntais á gcoimeád.

Tá FRS 102 éifeachtach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015. Beidh gá le hathráiteas na méideanna comparáideacha i ráitis airgeadais 2015, ullmhaithe de réir FRS102. Tá an fhoireann bainistíochta ag obair le grúpa CIÉ agus le PwC chun an tionchar a bheidh ag glacadh le FRS 102 a mheas agus tá plean gníomhaíochta oiriúnach á chur i bhfeidhm.

## Sláinte agus Sábháilteacht.

Tá an Chuideachta lántiomanta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; agus gach Rialachán náisiúnta agus eile de chuid an AE a chomhlíonadh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbheithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Tá Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 á chomhlíonadh ag Iarnród Éireann.

## Rialacháin um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013

Tuigeann na Stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh a chinntiú, in imthosca ábhartha, le forálacha Rialacháin um Leasú (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) CE 2013. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme chun na dátaí a bhfuil sonraisc iníoctha a aithint agus d'fhonn a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht roimh a leithéid sin de dhátaí. Soláthraíonn gnáthaimh dá leithéid dearbhú réasúnach i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábharach leis na rialacháin.

I rith 2014, íocadh €31k le soláthróirí tríú páirtí faoi na rialacháin.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann Stiúrthóirí an na Cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar Stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 nó a ceapadh ó shin i leith sonraithe anseo thíos. Ach amháin má chuirtear a leithéid in iúl, ba ag feidhmiú mar Stiúrthóirí don bhliain ar fad a bhí na daoine thíosluaite.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Phil Gaffney (Cathaoirleach)	ar scor 28/6/14, athcheaptha 9/7/14
Frank Allen	
Patricia Golden	
Paul McGarry	ar scor 07/03/14
Tracey McGee	
John Moloney	
James Nix	
Flor O'Mahony	
Thomas Wynne	

Seo thíos liosta de thinreamh na Stiúrthóirí Boird ag cruinnithe Boird i rith na bliana 2014.

Stiúrthóir	Cuntas Tinrimh Boird Iarnród Éireann
Phil Gaffney	11/11
Frank Allen	9/11
Patricia Golden	8/11
Paul McGarry	2/2
Tracey McGee	9/11
John Moloney	7/11
James Nix	9/11
Flor O'Mahony	10/11
Tommy Wynne	11/11

Reáchtáladh cruinniú boird Mheitheamh 2014 i gCorcaigh i gcomhthráth le cruinnithe le páirtithe leasmhara áitiúla.

Ní raibh aon leas nó aon scaireanna ná bintiúir na Cuideachta, a Cuideachta Sealbhaíochta ná a comh-fhochuideachtaí i seilbh Stiúrthóir ar bith, tráth ar bith i rith na bliana. Ní dheachthas i mbun aon chonradh ná socrú ábhartha i rith na bliana a raibh leas ag Stiúrthóir ann i ndáil le gnó an Ghrúpa. Tá gnáthscair amháin i seilbh Rúnaí Cuideachta ina cháil mar ainmní Bhord Chóras Iompair Éireann.

## Rúnaí Cuideachta

Is fostaí lánaimseartha de chuid Chuideachta Sealbhaíochta na Cuideachta, Córas Iompair Éireann, é an Rúnaí Cuideachta. Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as comhairle maidir le ceisteanna rialachais, a chur ar an mBord tríd an gCathaoirleach. Tá rochtain ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Foráiltear in Airteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na Stiúrthóirí é ceapadh agus aistriú an Rúnaí Cuideachta.

## Iniúcháirí

Thug na hiniúcháirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, le fios go bhfuil siad toilteanach fanacht in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963-2013.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney**, Cathaoirleach  
**Patricia Golden, Uasal**, Stiúrthóir

1 Aibreán 2015

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na Cuideachta gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, thogh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta eisiúche ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus i ndlí na hÉireann).

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis cloí leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar, le beachtas réasúnach, am ar bith, staid airgeadais na Cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus go bhfuil ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, á gcomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



# Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí de Iarnród Éireann – Irish Rail

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Iarnród Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, ráitis ina n-áirítear na Príomhbheartais Chuntasáiochta, an Cuntas Brabúis agus Cailiteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid, agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag teacht le dlí na hÉireann agus na cleachtais chuntasáiochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta a bhfuil Glacadh leis go coitianta in Éirinn).

## Freagrachtaí ar leith na stiúrthóirí agus iniúcháirí

Mar atá míniú, ar bhealach níos iomláine, i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 21, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíorcheart. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaíocht nó earráid é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na beartais chuntasáiochta feiliúnach do chúinsí na cuideachta, agus cé acu ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh iad go himleor; a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasáiochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas ar cosúil é a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuairamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíríteas dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

## Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

In ár dtuairim, sna ráitis airgeadais:

- tugtar léargas fíor agus cothrom de réir an Chleachtais Chuntasáiochta a bhfuil Glacadh leis go Coitianta in Éirinn ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a bharrachas agus sreafaí brabúis don bhliain dar críoch; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

## Nithe a éilítear orainn a thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocho a r n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chúí coimeáda ag an gcuideachta.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a dtugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.
- Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá sonraithe sa Chlár Comhardaithe, cothrom le níos mó ná leath den scairchaipiteal glaoite agus, de réir ár dtuairime, ní raibh staid airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2013 a d'éileodh faoi Alt 40 (1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól. Réachtáladh an cruinniú sin ar an 23 Aibreán 2012.

## Nithe a éilítear orainn tuairisciú de réir eisceachta orthu

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe faoi luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe le dlí.

### **Teresa Harrington**

ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers  
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtuil  
Baile Átha Cliath

1 Aibreán 2015

- A. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Iarnród Éireann; ní áiríonn an obair a dhéanann na hiniúcháirí nithe dá leithéid a mheas agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúcháirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar na ráitis airgeadais ó cuireadh in iúl ar an láithreán gréasáin den chéad uair iad.
- B. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht le sonrú sa reachtaíocht in Éirinn a bhfuil ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais á rialú aici agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus teicnící meastacháin atá glactha ag an gCuideachta:

## (A) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go coitianta in Éirinn agus reacht Éireannach ina gcuimsítear Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go coitianta in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom agus a bhfuil na caighdeáin atá á bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisicí Airgeadais á gcomhlíonadh acu. De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach atá oiriúnach do nádúr ghnó na cuideachta.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais bunaithe ar choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá athbhreithniú déanta ar fhigiúirí comparáideacha na bliana roimhe seo d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le leagan amach na bliana reatha.

## (B) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí soláthartha.

Aithnítear ioncam Oibríochtaí Iarnróid trí thagairt a dhéanamh do chríochphointe thuras an chustaiméara. Déantar fáiltas faighte ó dhíol na dticéad bliantúil agus táirgí eile a bhfuil dáta amach anseo orthu a iarchur laistigh de dhliteanais agus déantar iad a aithint sa ráiteas ioncain thar thréimhse an ticéid chuí.

Is mar ioncam tuilte a aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí eile.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Cuimsíonn línte agus oibreacha iarnróid gréasán de chórais. Caitear le caiteachas ar an ngréasán reatha, a chinntíonn go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, mar mhéid

breise leis na sócmhainní seasta inláimhsithe a chuirtear san áireamh ar a chostas i ndiaidh asbhaint deontas. Áirítear costais chaipitlithe fostaí agus costais eile atá inchurtha go díreach don tsócmhainn i sócmhainní inláimhsithe.

Is ionann an muirear dímheasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainne na Cuideachta a choinneáil.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fóna.

### (ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill iarnróid (seachas iad sin dímeasta go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostais stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

Déantar dímheas ar ríilchairr, stoc cóiste agus vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

### (iii) Feithiclí lastas bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costais stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta ag úsáid suim an mhodha digitigh.

### (iv) Dugaí, calafoirt agus céanna; trealamh agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar an aicme sócmhainní thuasluaite bunaithe ar thráthchodanna cothroma bliantúla, bunaithe ar a gcostas stairiúil thar a saolré ionchais.

### (v) Talamh agus foirgnimh

Déantar foirgnimh a dhímheas, i dtráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil thar shaolré 50 bliain. Áirítear luach de réir leabhair na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus gur cosúil a ndiúscrófaí sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha faoi mar is cuí.

## (D) Sócmhainní Léasaithe

### (i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costas caipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar saolré fóna measta na sócmhainne. Áirítear sciar caipitil na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar príomh-thréimhse an léasa.

### (ii) Léasanna oibríochta

Gearrtar iocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríocháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear siad.

## (E) Stoic

Déantar stoic ábhair bhailithe agus páirteanna spártha a luacháil ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Díscriobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

Déantar foráil d'fhardal atá imithe i léig nó nach dócha go mbainfear úsáid as bunaithe ar phatrún úsáide reatha.

Déantar stoc Innealtóireacht Shibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a chatagóiriú mar stoc gluaiseachta agus neamhghluaiseachta. Cuirtear foráil i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an méid ama ó bogadh an stoc go deireanach. Cuirtear foráil bharrachais i bhfeidhm ar sciar barrachais an "stoc gluaiseachta" ag brath ar an leibhéal stoic a bhfuil barrachas de 2 bhliain úsáide ar lámh luaite leis.

Déantar stoc Innealtóireacht Mheicniúil (CME) a chatagóiriú mar stoic straitéiseacha, chláir agus intomhalta. Cuirtear foráil i bhfeidhm ar gach catagóir ag brath ar aois an stoic, agus úsáidtear céatadán sheasta do gach catagóir agus do gach aoisghrúpa laistigh den chatagóir.

## (F) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Stáit

### (i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid eiseacha

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Achta na gCuideachtaí (Leasú), 1986 de réir tuairime na Stiúrthóirí, riachtanach chun go dtaispeánfadh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus dá bhrí sin níl aon bhonn dlíthiúil ann ar a bhféadfar deontais agus ranníocaíochtaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

### (ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais ioncain

Áirítear deontais ioncain sa chuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain a nglactar leo.

### (iv) Deontas Chonradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair

Leithdháiltear deontais a bhaineann leis an gConradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair (MAC) ar athnuachaintí, ioncam iarchurtha agus an cuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don ghníomhaíocht bhunúsach. Déantar an ghné athnuachana a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chun an caiteachas gaolmhar athnuachaintí a fhritháireamh sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas. Áirítear an ghné chaipitil san ioncam iarchurtha agus déantar é a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais thar shaolré ionchais na sócmhainne gaolmhaire. Déantar an ghné brabúis agus caillteanais a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain fála.



### (G) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí euro ag an ráta i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha sa chás go bhfuil na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

### (H) Pinsin

Tá Iarnród Éireann páirteach i scéim le sochar sainithe mar chuid de Ghrúpa CIÉ. Tá cuntas déanta den scéim seo de réir FRS 17 i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

Léirítear barrachas dliteanas scéime ar shócmhainní scéime mar dhliteanas ar chlár comhardaithe Ghrúpa CIÉ. Áirítear sa mhúirear pinsean sochair shainithe a áirítear i mbrabús oibriúcháin Ghrúpa CIÉ costas seirbhísí reatha agus costais seirbhísí a cuireadh ar fáil roimhe seo. Léirítear barrachas an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime ar chostas úis dhliteanais na scéime i gcuntas brabúis agus caillteanais Ghrúpa CIÉ mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ó athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus ó thaithí ar bharrachais agus ar easnaimh i ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána Ghrúpa CIÉ sa bhliain ina dtugtar a leithéid faoi deara.

Níl ar chumas Iarnród Éireann a chion de na sócmhainní agus dliteanais bhunúsacha i scéim Ghrúpa CIÉ a aithint ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach. De réir FRS 17, coimeádann Iarnród Éireann cuntas ar na ranníocaíochtaí chuig scéim Ghrúpa CIÉ amhail is dá mba scéim sochair shainithe a bhí ann. Áirítear i múirear an phlean pinsin le ranníocaíocht shainithe a áirítear i mbrabús oibriúcháin an ranníocaíocht iníoctha chuig an scéim don bhliain.

### (I) Cánachas

Ríomhtar cáin chorparáideach ar bhrabúis nó caillteanais incháinithe don bhliain mar atá coigeartaithe do ghrúp-fhaoiseamh. Aistrítear caillteanais chánach úsáidte do ghrúp-fhaoiseamh idir comhaltaí grúpa. Is bunaithe ar an gcás i gceist a chinntear táillí do ghrúp-fhaoiseamh.

Luaitear cáin iarchurtha le gach difríocht uainiúcháin ar ann di ach nach bhfuil aisiompaithe ag dáta an chláir chomhardaithe, sa chás go n-eascraíonn oibleagáid níos mó cánach a íoc amach anseo nó ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo as idirbhearta nó imeachtaí ag dáta an chláir chomhardaithe. Is ionann difríochtaí uainiúcháin agus difríochtaí sealadacha idir brabúis agus caillteanais ríofa chun críocha cánach agus sonraithe sna ráitis airgeadais a eascraíonn mar nach ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta difriúla chun críocha cánach.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a meastar a bheidh i gceist sna blianta a bhfuiltear ag súil go n-aisiompófar na difríochtaí uainiúcháin bunaithe ar rátaí agus ar dhlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil ag dáta an chláir chomhardaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a lascainiú.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach amháin sa chás gur dócha nach mbeidh dóthain brabús incháinithe ann amach anseo chun na caillteanais chánach tugtha anonn a úsáid.

Ní raibh cáin Chorparáide iníoctha i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 de bhrí go raibh caillteanais chánach neamhúsáidte tugtha anonn ag an gcuideachta.

### (J) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Treorach na Comhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann – Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais de ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bainistíochta an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhíne 1.A. de Rialachán AE Uimh. 2598/70.

## (K) Beartas Cuntasaíochta Comhardaithe Idirchuideachta

### Iarmhéideanna Idirchuideachta

Déantar luach a chur ar idirbhearta idir cuideachtaí Grúpa ag costas stairiúil agus déantar iad a rangú bunaithe ar na socruithe cuí idir na páirtithe faoi seach agus ar shubstaint an idirbhirt mar seo a leanas:

#### (i) Sócmhainn Airgeadais Fhadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

- a. Sreabhadh airgid ginte ó oibríochtaí suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.
- b. Infheistíocht ghlan i sócmhainní seasta ó dháta an chorpraithe go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

#### (ii) Cuntas Trádála Gearrthéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

- a. Glan-bharrachas ginte/easnamh tabhaithe sa dá bhliain go dtí dáta an chláir chomhardaithe.
- b. Méadú/laghdú sa chaipiteal oibre sa dá bhliain go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

#### (iii) Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí airgid ó:

- a. Gníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.
- b. Seirbhísí airgeadais.

# Cuntas Brabúis agus Cailteanais

An Bhliain Dár Críoch 31 Nollaig, 2014

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
<b>Ioncam</b>			
Ioncam ó Oibríochtaí	2	<b>218,014</b>	195,146
Fáltais ó Chonarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí – rialta	10	<b>117,386</b>	127,029
Maoiniú Státchiste eile	10	<b>77,429</b>	15,563
<b>Ioncam iomlán</b>		<b>412,829</b>	337,738
<b>Costais</b>			
Párolla agus costais ghaolmhara	3	<b>(234,329)</b>	(216,574)
Ábhair agus seirbhísí	4	<b>(143,726)</b>	(95,808)
<b>Iomlán na gcostas oibriúcháin</b>		<b>(378,055)</b>	(312,382)
<b>EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla</b>		<b>34,774</b>	25,356
Dímheas agus amúchadh	7	<b>(34,942)</b>	(36,994)
Míreanna Eisceachtúla Oibríochtúla	5	<b>(1,585)</b>	(4,946)
<b>Easnamh oibriúcháin</b>		<b>(1,708)</b>	(15,871)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	8	<b>45</b>	713
Ús Iníoctha	9	<b>(462)</b>	(544)
<b>Glan-easnamh don bhliain</b>	22	<b>(2,170)</b>	(16,415)
<b>Easnamh carntha ag tús na bliana</b>	22	<b>(132,904)</b>	116,489
<b>Easnamh carntha ag deireadh na bliana</b>	22	<b>(135,074)</b>	(132,904)

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus cailteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach atá oiriúnach do nádúr ghnó na cuideachta.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha na Cuideachta.

Ní raibh gnóthachain ná cailteanais aitheanta seachas a bhfuil san áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney** *Cathaoirleach*

**Patricia Golden, Uasal** *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

Ag an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	11	<b>1,582,634</b>	1,671,462
Sócmhainní airgeadais	12,17	<b>315,651</b>	314,653
		<b>1,898,285</b>	1,986,115
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	13	<b>47,532</b>	54,529
Féichiúnaithe	14	<b>12,277</b>	14,897
Cúlchnapanna airgid		<b>315</b>	312
		<b>60,124</b>	69,738
<b>Creidiúnaithe</b> (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	15	<b>(257,017)</b>	(320,959)
<b>Glandliteanais reatha</b>		<b>(196,893)</b>	(251,221)
<b>Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha</b>		<b>1,701,392</b>	1,734,894
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	16	<b>(5,455)</b>	(2,349)
Soláthairtí do dhliteanais agus táillí	19	<b>(41,491)</b>	(40,276)
Méid dlite don chuideachta sealbhaíochta	17	<b>(301,749)</b>	(296,251)
Ioncam iarchurtha	20	<b>(1,293,501)</b>	(1,334,652)
		<b>59,196</b>	61,366
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	21	<b>194,270</b>	194,270
Cuntas brabúis agus cailteanais	22	<b>(135,074)</b>	(132,904)
<b>Cistí na scairsealbhóirí</b>	22	<b>59,196</b>	61,366

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal Phil Gaffney** *Cathaoirleach*

**Patricia Golden, Uasal** *Stiúrthóir*



# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

An Bhliain dár críoch 31 Nollaig, 2014

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
<b>Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	23	<b>(4,840)</b>	25,758
<b>Seirbhísiú airgeadais</b>			
Ús íoctha	9	<b>(166)</b>	(133)
Gné úis de chíosanna léasa airgeadais	9	<b>(296)</b>	(411)
<b>Glan eis-sreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais</b>		<b>(462)</b>	(544)
<b>Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais</b>			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe	11	<b>(122,439)</b>	(159,880)
Díol sócmhainní inláimhsithe		<b>1,137</b>	731
<b>Glansreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais</b>		<b>(121,302)</b>	(159,149)
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>			
Na deontais chaipitil faighte		<b>133,162</b>	126,099
Gluaiseacht sócmhainní airgeadais	17	<b>(998)</b>	24,743
<b>Glan eis-sreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú</b>		<b>132,164</b>	150,842
<b>Bainistíocht acmhainní Leachtacha</b>		<b>5,560</b>	16,907
<b>Maoiniú</b>			
Gné chaipitil de chíosanna léasa airgeadais		<b>(5,005)</b>	(4,545)
<b>Glan eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú</b>		<b>(5,005)</b>	(4,545)
<b>Méadú in airgead tirim sa bhliain</b>	23	<b>555</b>	12,362

## Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i bhfiachas glan

	2014 €000	2013 €000
Gluaiseacht i bhfiachas glan sa bhliain	<b>555</b>	12,362
Fiach glan ag 1 Eanáir	<b>(368)</b>	(12,730)
<b>Fiachas glan ag 31ú Nollaig</b>	<b>187</b>	(368)

# Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 1 Gnóthas Leantach

Tá cóip de nochtadh an ghnóthais leantaigh atá san áireamh i Nóta 1 de ráitis airgeadais CIÉ le fáil anseo thíos:

### Cúlra

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincseirbhíochta atá ar fáil don Ghrúpa. Tá saoráidí tiomanta de €160milliún urraithe go dtí mí Iúil 2018.

Áirítear i measc na saoráidí seo roinnt cúnant airgeadais, ar éirigh le Grúpa CIÉ iad ar fad a chomhlíonadh in 2014. Bunaithe ar an mbuiséad atá sonraithe do 2015, creideann an fhoireann bainistíochta go leanfaidh Grúpa CIÉ leis na spriocanna cúnaint atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mí, ar a laghdú, ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais seo a chomhlíonadh.

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar fheidhmíocht trádála i rith 2014, beidh ar Ghrúpa CIÉ dul i ngleic le timpeallacht dhúshlánach gnó a bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí a bheidh le sárú ag an nGrúpa ag eascairt uathí. Thug an Grúpa aird ar na neamhchinnteachtaí seo le linn dó acmhainn an Ghrúpa leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a mheas.

### Nádúr na Neamhchinnteachtaí a mbeidh ar an nGrúpa Déileáil Leo

Ainneoin na foirne bainistíochta a bheith dóchasach go leanfar leis na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais a chomhlíonadh sa bhliain amach romhainn, tá feidhmíocht thodhchaíoch an Ghrúpa bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha a éileoidh monatóireacht agus maoirseacht leanúnach na foirne bainistíochta. Glactar leis i ndrúchtphlean gnó 5 bliana an Ghrúpa go dtabhóidh an Grúpa easnamh in 2015 agus go mbeidh an tráth a fhillfidh an grúpa ar bhrabúsacht ag brath ar na neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa faoi láthair a réiteach.

Is féidir na príomh-neamhchinnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- 1. Ioncam** – Braitheann cur i gcrích na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i ndrúchtphleananna gnó 5 bliana an Ghrúpa ar mheascán de thoidhdí a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmiúla agus méaduithe ar líon turas paisinéirí. Braitheann acmhainn an Ghrúpa na méaduithe ar tháillí atá luaite sna pleananna a chur i gcrích ar na cinntí a dhéanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le táillí agus braitheann méaduithe ar an líon turas paisinéirí ar théarnamh geilleagrach inbhuanaithe.
- 2. Costais Oibriúcháin** – Baineann fíorthábhacht leis na costais oibriúcháin atá sonraithe i bpleananna gnó an Ghrúpa a choimeád ag leibhéal chuí. Tá na toimhdí a úsáideadh agus an plean gnó á ullmhú suibhachtúil de réir a nádúir agus is den tábhacht é go ndéantar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an bhfoireann bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm.
- 3. Costais Infheistíochta** – Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach i gcomhthéacs chothabháil, athnuachan agus fheabhas an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá éifeachtach, iontaofa agus sábháilte. Dúshlán leanúnach don fhoireann bainistíochta é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á maoiniú go cuí ionas nach mbeidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa ag baint an bhoinn d'inhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa do 2015 ag brath ar thacaíocht maoinithe i bhfoirm caiteachas caipitil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh infheistíocht maoinithe ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal cuí de mhaoiniú rialtais a bheith ann chun na seirbhísí iompair phoiblí a theastaíonn faoi chonarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí an Rialtais a mhaoiniú.

## Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

Tá inbhuanaitheacht airgeadais Iarnród Éireann (comh-fhochuideachta i nGrúpa CIÉ) íogair do neamhchinnteacht áirithe a bhaineann le hinfheistíocht mhaoinithe thodhchaíoch. I rith 2014, thug Iarnród Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi phróiseas chun réitigh fhéideartha ar riachtanais airgeadais na cuideachta iarnróid a athbhreithniú agus a mheas. Ceadáíodh an meastachán forlíontach i mí na Nollag 2014, meastachán atá mar bhonn leis an acmhainn riachtanais infheistíochta Iarnród Éireann a mhaoiniú ó shreabhadh airgid in 2015.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar é riachtanais infheistíochta a mhaoiniú go fadtéarmach. Sa chás go mbíonn gannchion sna leibhéil mhaoinithe, beidh riosca ann nach nginfidh an Grúpa dóthain torthaí chun a chobhsaíocht airgeadais a chosaint i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Beidh gá le gníomhaíochtaí maolúcháin chun a chinntiú nach mbeidh na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais, spriocanna a bhfuil an Grúpa tiomanta dóibh, á sárú agus go ngintear sreabhadh airgid oiriúnach i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

- 4. Pinsin** – Tá easnamh luaithe le scéimeanna pinsin an Ghrúpa chomh maith. Áirítear na scéimeanna seo i ráitis chomhdhlúite airgeadais CIÉ agus ní ag leibhéal oibríochta na cuideachta aonair mar a mhínítear i Nóta 24 leis na ráitis airgeadais. Tá méadú suntasach tagtha ar staid ghlandlíteanas na scéimeanna pinsin i rith na bliana. D'éascair na méaduithe seo as na rátaí íseal úis atá le sonrú in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta. Chuir CIÉ tús le hathbhreithniú ar na scéimeanna pinsin agus é mar aidhm machnamh a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfaidh a bheith ag teastáil bunaithe ar an leibhéal easnamh atá ann. Táthar leis na luachálacha tríbhlíantúla ar na scéimeanna a chur i gcrích in 2015.

## Gníomhaíochtaí na Foirne Bainistíochta

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích agus le cur i gcrích ag foireann bainistíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta, lena n-áirítear:

- Monatóireacht dhian ag an mbainistíocht ar staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an ghrúpa.
- Plé le NTA agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr maoinithe chuí/Glan-éifeacht Airgeadais do Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Leanúint le tionscnaimh shábhála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí nua ginte ioncaim a lorg
- Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna pinsin chun bearta a aithint chun déileáil le staid airgeadais chistí pinsin an Ghrúpa

## Litir Thacaíochta

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta den 31 Márta 2015.

